


Pacáiste 6

Cloigín Nollag



Tá Daidí na Nollag
ag teacht



Rudolf an Fia Rua




Bualadh Bos



An Dromadóirín





Cloigín Nollag

Cloigín Nollag ag bualadh,
Páistí an domhain ag súgradh,
Bígí go maith, tá an fear mór ag teacht,
Gach páiste ag faire amach.

Turcaí rósta réidh,
Crann Nollag glé,
Bronntanas faoi, páistí ag spraoi,
Grá agus gean inár gcroí.

Ar an simléar, tá Daidí na Nollag,
Tá mála bronntanas aige dúinn,
Fiafraíonn sé “an bhfuil muid go maith?”,
Agus deireann muid go mbíonn chuile bhliain.

Níos déanaí cois tine,
Fáilte roimh gach duine,
Grá inár gcroí, is spórt i ngach tigh,
Nollaig shona lán de spraoi.





Tá Daidí na Nollag ag teacht

Ó bígí go maith, go hiontach gach lá,
Téigí a chodladh, tá's agaibh cén fáth,
Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath.

Tá liosta aige, déanta faoi dhó,
Is faigheann sé amach
Cé a bhíonn dána, gan stró,
Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath.

Bíonn sé ag féachaint ortsa,
Ag éisteacht leat gach lá,
Is muna mbíonn tú dána,
Beidh gach aon rud go breá.

Curfá X 2





Rudolf an Fia Rua

Rudolf an fia rua,
Bhí loinnir ar a shrón chomh maith,
Agus dá bhfeicfeá ariamh é,
Déarfá linn go raibh sé geal.


Bhíodh na fianna eile,
Ag gáire is ag magadh faoi.
Ní ligeadh siad ariamh do Rudolf,
Páirt a ghlacadh i gcluichí.

Oíche Nollag cheomhar bhán,
Tháinig San Níoclás.
“Rudolf le do shrón gheal ghlé,
An rachaidh tú os comhair mo shlé?”

Bhí grá ag na fianna eile dó,
Is bhéic siad amach os ard,
“Rudolf an fia rua,
Nach ortsa bheas an clú is cáil”.



Bualadh Bos



Bualadh bos, bualadh bos,
Bualadh bos go léir,
Tá Daidí na Nollag ag teacht anuas,
Anuas an simléar.

Ó, bualadh bos, bualadh bos,
Bualadh bos go léir,
Tá Daidí na Nollag ag teacht anuas,
Anuas an simléar.

Tá'n Nollaig buailte linn,
Tá áthas ins an aer,
Tá sneachta ar an talamh,
Tá réaltaí ins an spéir.
Táimid ag dul a chodladh
Is tá ár stocaí réidh.
Tá Daidí na Nollag ag teacht anuas,
Anuas an simléar.

[Curfá]

A Dhaidí, brostaigh ort,
Is cuir do mhála síos.
Líon suas an stoca beag
le feiríní arís,
Is caithfidh tusa imeacht
suas an simléar.
Tá páistí beaga ag fanacht ort
i ngach aon áit faoin spéir.





An Dromadóirín

Tar, a deir siad pá-rum pum pum pum
Go bhfeicfimid an Rí pá-rum pum pum pum
Ár dtogha is ár rogha againn pá-rum
pum pum pum

Le cur i lámha an Rí pá-rum pum pum pum,
rum pum pum pum, rum pum pum pum
Ómós cuí dár Rí, pá-rum pum pum pum
Ar ár son.

Naíon bheag ghléigeal, pá-rum pum pum pum
Is buachaill bocht mé féin, pá-rum pum pum pum
Níl féirín ceart agam, pá-rum pum pum pum
Is fiú a thabhairt dár Rí, pá-rum pum pum pum,
rum pum pum pum, rum pum pum pum
Déanfad ceolta duit, pá-rum pum pum pum
Ar an drum?

D'umhlaigh Muire, pá-rum pum pum pum
Bhuail bó is uan an t-am, pá-rum pum pum pum
Bhuaileas mo bhodhrán dhó, pá-rum pum pum pum
Bhuaileas go cumasach, pá-rum pum pum pum,
rum pum pum pum, rum pum pum pum
Gháir sé liom fé rún, pá-rum pum pum pum
Ar mo dhrum!

